



12 Meitheamh 2020

Athoscailt scoileanna agus soláthar an tsamhraidh

A Phríomhoidí, a mhúinteoirí agus a fhoireann

Phléigh an Rialtas tuairisc inniu faoin bpleanáil atá idir lámha chun scoileanna a oscailt don scoilbhliain seo chugainn. Leagtar amach sa tuairisc an uailmhian shoiléir chun plean inmharthana a fhorbairt chun scoileanna a oscailt go hiomlán ag tús na scoilbhliana seo chugainn go mall i mí Lúnasa/Mheán Fómhair de réir an ghnáthachair ama.

Is léir go bhfuil na rioscaí agus na tionchair ar leanaí agus ar shochoaí ina mbíonn teacht níos lú ar oideachas go suntasach go háirithe do na daltaí is mó i mbaol inár sochaí, ar nós daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil cheana féin.

Tá rannpháirtíocht leanúnach idir an Roinn agus comhpháirtithe oideachais chun a bheith ag obair le chéile le cinntiú go mbeidh daltaí agus foireann in ann fillleadh ar scoil go sábháilte, agus tá sé seo mar chuid riachtanach den phleanáil chun oscailt arís. Cuid an-tábhachtach de scoileanna a oscailt go sábháilte arís is ea treoir a fhorbairt maidir le galrú a chosc agus smacht a choinneáil air i scoileanna.

Agus na pleananna seo a fhorbairt tá sé i gceist ag an Roinn go dtarlóidh bunús na hoibre go lárnach chun cuidiú leis an ualach a laghdú agus chun na riachtanais chun scoileanna a oscailt go sábháilte arís ar bhonn áitiúil a chur i bhfeidhm. Tá sonraí na bpríomhimeachtaí atá idir lámha leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an litir seo. Tá an tuairisc iomlán a foilsíodh inniu ar fáil ag an nasc seo: <https://www.education.ie/en/covid-19/planning-for-reopening-schools.pdf>

D'fhógair an Rialtas freisin comhréiteach maidir le hOideachas agus Sláinte le haghaidh cláir samhraidh chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais chasta acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachasúil. Tá sonraí na socruithe ar fáil ag www.gov.ie/summerprovision. Beidh rannpháirtíocht leanúnach le comhpháirtithe faoi seo agus tabharfar aird ar na gnéithe nua de na socruithe seo atá ann i mbliana.

Tuigim go maith an iarracht mhór chun tacú le hoideachas agus foghlaim a choinneáil leanúnach agus gur tharla sé sin ó druideadh scoileanna i Márta. Mar shochoaí táimid ag obair go cúramach agus de réir na comhairle sláinte chuig céimeanna nua agus cuid riachtanach de phlean an Rialtais don tsochaí is ea ár gcuid scoileanna a oscailt in athuir.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh chun a oiread sin cinnteachta agus treorach agus is féidir a thabhairt do scoileanna, foireann, daltaí agus tuismitheoirí sna seachtainí atá amach romhainn ionas gur féidir athoscailt a dhéanamh sábháilte do chách. Is mise le meas

Seán Ó Foghlú
Ard-Rúnaí





Aguisín

Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí atá idir lámha anois chun an tsamhail is fearr a chur i bhfeidhm chun scoileanna a athoscailt:

1. **Cuspóir foriomlán** - scoileanna a oscailt de réir gnáthachair ama na scoilbhliana nua a oiread agus is féidir agus na rioscaí ó thaobh na sláinte poiblí de a íoslaghdú. Beifear in ann nósanna imeachta nua a bhunú agus a chur i bhfeidhm i scoileanna tríd na socruithe.
2. **Treoir faoi shláinte an phobail** - Tá an-rannpháirtíocht ag dul ar aghaidh maidir le treoir faoi shláinte a phobail a fhorbairt do scoileanna. Cuirfear é seo ar fáil in am chun oibriú clár shamhraidh a éascú agus chun pleanáil mhionsonraithe agus obair ullmhúcháin a chumasú chun scoileanna a athoscailt. Coinneofar an treoir faoi shláinte an phobail faoi athbhreithniú agus déanfar mionchoigeartú leanúnach más gá sula n-athosclófar scoileanna ag deireadh mhí Lúnasa.
3. **Treoir agus teimpléid** - ionas go mbeidh scoileanna in ann cloí le riachtanais an Phrótaicil Náisiúnta um Fhilleadh ar Obair go Sábháilte- tá treoir agus teimpléid á bhforbairt go lárnach i gcomhairle le comhpháirtithe oideachais. Foilseofar na doiciméid agus teimpléid treorach seo níos moille i Meitheamh agus Iúil. Beidh dréacht-treoir agus teimpléid ar fáil in am do scoileanna a bhfuil sé beartaithe ach cláir shamhraidh a oibriú.
4. **Ardú feasachta agus oiliúint** - Modúil treorach agus oiliúna ar líne, seimineáir ghréasáin, srl a fhorbrófar go lárnach agus beidh siad ar fáil do scoileanna, tuismitheoirí agus daltaí.
5. **Córas feabhsaithe glantacháin** - Cuirfear acmhainní breise ar fáil do scoileanna ionas go bhféadfaí córais ghlantacháin fheabhsaithe a chur i bhfeidhm le scoileanna a oibriú.
6. **Sláinteachas maith láimhe** - Níl na háiseanna chun lámha a ní atá ann cheana i roinnt scoileanna deartha don leibhéal níocháin lámh feabhsaithe a shamhlaítear a bheith riachtanach i dtimpeallacht Covid-19 gan tionchar suntasach a bheith aige ar am sa seomra ranga. Bunóidh an Roinn creat tarraingthe anuas ionas go mbeidh scoileanna in ann díghalráin lámh a cheannach don scoil agus don seomra ranga. Tá tús á chur láithreach leis an bpróiseas soláthair don chreat seo agus déileálfadh sé le haon cheanglais TCP eile a d'fhéadfaí a bheith ann. Ní mheastar go mbeidh aon TCP suntasach ag teastáil i scoileanna. Cuirfear sonraí faoin maoiniú breise le haghaidh scoileanna in am trátha.
7. **Meabhairshláinte agus Folláine** - Cuirfear béim mhór ar thacú le meabhairshláinte agus folláine daltaí agus foirne le linn na tréimhse tosaigh de scoileanna a athoscailt. Cuirfear treoir lárnach ar fáil.
8. **Teagasc agus foghlaim agus curaclam** - Tá an Roinn ag obair leis an an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, leis an gCigireacht agus le saineolaithe eile de réir mar is cuí chun teagasc agus foghlaim a chur in oiriúint mar is cuí do riachtanais na ndaltaí agus iad le dul ar ais ar scoil.
9. **Foghlaim chumaisc / soláthar malartach** - In ainneoin ár gculpóra iomláin beidh pleanáil le haghaidh cur chuige bunaithe ar an bhfoghlaim chumaisc (ar líne/ ar scoil) mar ghné den chur chuige i leith na pleanála chun scoileanna a athoscailt ionas go mb'fhéidir go mbeidh cúinsí ann nuair a thitfidh sé ar scoileanna an tsolúbthacht chuí a bheith acu chun cúinsí ar leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta a fhreagairt go gasta. Tá pleanáil ag dul ar aghaidh faoi láthair leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, leis an gCigireacht agus le saineolaithe eile mar is cuí faoin dóigh is fearr le samhail bunaithe ar fhoghlaim chumaisc a bhainistiú agus a oibriú.



10. **Comhairleoireacht agus Cumarsáid** - Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag comhoibriú le comhpháirtithe oideachais agus le páirtithe leasmhara eile maidir le treoir agus tacaíocht a fhorbairt chun scoileanna a oscailt arís. Cuirfear leathanach gréasáin tiomnaithe ar fáil ionas go bhféadfar eolas agus nuashonruithe a roinnt ar bhealach oscailte agus trédhearcach.